An Spailpín Fánach *le file anaithnid.*

Téama:
Baineann an dán seo le tréimhse stairiúil. Bhí saol crua ag na spailpíní ag iarraidh obair shéasúrach a fháil ó na feirmeoirí. Bhí ar an fhear sa dán dul go dtí margadh saoire ar fud na tíre ag lorg oibre.
Ní bhfuair na sclábhaithe feirme seo a lán airgid. Tá trua agam don spailpín bocht mar tá sé tinn tuirseach den saol atá aige.

Is téama eile é an tírghrá sa dán seo. Ba mhaith leis an spailpín dul ag troid ar son na saoirse. Feicimid cruatan an tsaoil, fuath dona feirmeoirí, agus leadrán na hoibre.
B'fhearr leis an spailpín troid ná fanacht cois balla ag fanacht ar na feirmeoirí saibhre.

Mothúcháin:
Is iad brón, uaigneas agus trua na mothúcháin sa dán seo. Chuir sé brón orm go raibh an spailpín ina sheasamh ar thaobh na sráide/an bhóthair ag fanacht ar na feirmeoirí móra.
Tá trua an domhain agam dó. Tá sé ag lorg oibre atá crua, leadránach. Bhí air éirí go luath agus ní raibh a shláinte go maith ón obair feirme. Saol crua, brónach a bhí ann. B'fhearr leis dul ag troid ar son na saoirse.

Barúl:
Is aoibhinn liom an dán seo, mar baineann sé le gnáthfhear. Tá tréimhse stairiúil le feiceáil ann.
Feicimid íomhá bhrónach den fhear seo ina sheasamh cois balla ag fanacht ar na feirmeoirí. Tugann an file pictiúr iontach de dhuine atá beo bocht agus i ndeireadh na feide. Is dán dea-scríofa é, le stíl shimplí a thaitníonn leis an léitheoir.
Baineann sé le gnáthfhear agus tuigimid go bhfuil saol crua ag an spailpín bocht seo ☹